Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2010**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Cinnteoireacht Gnó

**[AT211]**

AT211

**DÉ LUAIN 25 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **5** agus i gCeist **6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh.

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**The Great British Bank Group (GBB Group)**

Bunaíodh The Great British Bank Group in 1810 agus trí tháthcheangail agus chomhcheangail a dhéanamh, tá sé anois ar na grúpaí seirbhísí airgeadais is mó ar domhan. Feidhmíonn sé ar fud na cruinne agus soláthraíonn sé seirbhísí baincéireachta do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus d'institiúidí. Tá sé tiomanta don nuáil agus don tseirbhís, i gcúrsaí gnó agus tríd an iliomad gníomhaíochtaí urraíochta atá ar bun aige.

Seo thíos ráiteas misin GBB Group:

"Le luach agus le caighdeán den scoth a sholáthar, reáchtálaimid ár ngnólacht le hionracas agus le follasacht, ag soláthar torthaí éifeachtacha airgeadais taobh istigh de phrionsabail ghnó atá sainithe go soiléir."

D'éirigh príomhfheidhmeannach GBB, an Ridire Robin Ponsoby, as in 2008 i ndiaidh go raibh ar an rialtas dul i mbannaí ar an eagraíocht le £20bn d'airgead poiblí. Cuireadh síos go coitianta ar an Ridire Robin mar an duine is carasmataí de na ceannairí bainc, agus bhí clú air maidr le costais a ghearradh agus le hairgead a shábháil.

Bhí an Ridire Robin i gceannas ar an GBB ar feadh naoi mbliana agus stiúir sé é go raibh sé ar cheann de na cúig bhanc is mó ar domhan. Ceithre mhí i ndiaidh dó imeacht ón GBB Group, áfach, bhí an t-iar-phríomhfheidhmeannach ina ábhar fiosraithe ag an rialtas maidir le dlíthiúlacht a phinsin £750 000 sa bhliain. D'éiligh roinnt polaiteoirí cosc fiú ar chomhaontuithe pinsin chomh mór sin.

Le linn 2008, lorg an Group caipiteal breise faoi dhó ó scairshealbhóirí le go mbeadh sé ábalta na dálaí an-deacair a bhí ann san am a chur de. An dara huair, ráthaigh rialtas na Ríochta Aontaithe an t-airgead a cruinníodh, agus, i nDeireadh Fómhair na bliana sin, bhí an rialtas ina scairshealbhóir tromlaigh ar an Group.

Márta 2009, d'fhoilsigh The Great British Bank a Chuntais Bhliantúla agus d'fhógair caillteanas £22.1bn, an caillteanas bliantúil is mó i stair chorparáideach sa Ríocht Aontaithe. D'fhógair sé fosta go gcuirfeadh an rialtas £13bn isteach in GBB Group de bhreis ar an £22bn a cuireadh ar fáil an bhliain roimhe.

Dúirt John Roberts, príomhfheidhmeannach nua GBB Group, nach raibh "dullach dubh ar bith" ar an bhanc faoi scála na gcailleantas. Dúirt sé fosta go ndéanfadh sé athruithe "ó bhun" ar struchtúr an Group i ndiaidh an chaillteanais, agus dúirt go ngearrfaí go mór ar na poist, ach is beag sonraí a thug sé. Chuir seo fearg ar ionadaithe ceardchumainn a mhaígh gurbh fhéidir go gcaillfear 20 000 post san iomlán.

"Easpa soiléireachta maidir le moltaí athstruchtúraithe an Group agus gan mórán sonraí maidir le poist, tá siad seo ag cur frustachas mór orainn," arsa David Stevens, comh-ardrúnaí ginearálta an cheardchumainn.

Ina chéad Tuarascáil Bhliantúil Chomhlachta ó ceapadh ina Chathaoirleach ar an Bhord Stiúrthóirí é, luaigh an Ridire Paul Hislop gur bhliain dheacair do scairshealbhóirí agus d'fhostaithe í 2008, agus go raibh na custaiméirí féin thíos leis in amanna. Luaigh sé chomh maith, i dtaca leis an timpeallacht eachtrach de, go raibh neamhsheasmhacht nár sáraíodh riamh sna margaí airgeadais mar gheall ar chúinsí eacnamaíochta ar fud an domhain bheith ag meathlú.

Scairshealbhóirí
D'fhógair Hislop straitéis nach n-íocfaí díbhinn ar bith ar Ghnáthscaireanna in 2009. Chuir sé in iúl, áfach, gur thuig an Bord a thábhachtaí atá díbhinní do scairshealbhóirí agus mhínigh sé go raibh ar intinn ag an Bhord iad a íoc an athuair am éigin.

Fostaithe
D'aithin Hislop fosta gur bliain lán le himní agus le héiginnteacht d'fhostaithe a bhí sa bhliain 2008, agus nach raibh deireadh leis seo go fóill. Luaigh sé fosta go gcaithfear straitéis a chur i bhfeidhm chun íocaíocht iomaíoch a thabhairt do na foirne agus do na daoine aonair a chruthódh go maith.

Custaiméirí
Sa bhreis air sin, leag an Tuarascáil béim ar an dóigh ar riar GBB Group ar riachtanais a chustaiméirí pearsanta agus a chustaiméirí corparáideacha trí straitéis a bhí bunaithe ar ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar dóibh.

Pobail
Chuir an Tuarascáil béim fosta ar a thábhachtaí atá straitéis GBB Group le bheith ag obair leis an phobal is leithne ar a n-áirítear custaiméirí, rialtais, soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile.

Cé go raibh air a leithéid de dhianbhearta a thabhairt isteach lena chinntiú go mairfeadh an Group, bronnadh £1.5m de chéadroghanna ar an Ridire Paul Hislop de bhreis ar a thuarastal bliantúil £850 000.

Is léir go bhfuil cuspóirí contrártha taobh istigh de GBB Group agus beidh ar an fhoireann bhainistíochta straitéisí a cheapadh le déileáil leo seo.

**Fíor 1: GBB Group (Sonraí Eatramhacha Airgeadais mar a bhí ar 31 Nollaig 2009)**

| | **2009** |
|---|---:|
| | **£bn** |
| **Ioncam Iomlán (Fáltais)** | **6.7** |
| Fiachais Reatha | 85.00 |
| Sócmhainní Reatha | 106.3 |
| Fiachais Fhádtéarmacha | 83.4 |
| Cistí Scairsealbhóirí | 22.9 |

Ni mór d'iarrthóirí **gach** ceist a fhreagairt.

**1** Ríomh (a) an Cóimheas Reatha; agus
(b) an Cóimheas Giarála
do GBB Group mar a bhí ar 31 Nollaig 2009. [4]

**2** Do rogha **3** ghné d'anailís PESTEL in úsáid, déan anailís ar riocht GBB Group faoi láthair. [7]

**3** D'eagraíocht amhail GBB Group, measúnaigh na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le hanailís chóimheasa a úsáid chun a feidhmiú a mheas. [15]

**4** Measúnaigh a úsáidí is atá ráiteas misin d'eagraíocht amhail GBB Group. [15]

**5** Measúnaigh an fás mar chuspóir gnó d'eagraíocht amhail GBB Group. [19]

**6** Measúnaigh **3** straitéis a d'fhéadfadh eagraíocht amhail GBB Group a úsáid le déileáil le cuspóirí contrártha i measc páirtithe leasmhara. [20]

**Nóta:** Is féidir na foirmlí seo a leanas a úsáid:

**a.** Cóimheas Reatha = Sócmhainní Reatha/Fiachais Reatha

**b.** Cóimheas Giarála = Fiachais Fhadtéarmacha/Cistí Scairshealbhóiri × 100/1

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.